

FEIDHMEANNACH RANNPHÁIRTÍOCHTA SPÓIRT GRÁD AN OIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

Cuspóir an Phoist

Tuairisciú ó lá go lá don Bhainisteoir Comhpháirtíochtaí chun tionscnaimh Rannpháirtíochta Spóirt Éireann a bhainistiú. Tionscadail agus tionscnaimh a thairgtear i réimse na Rannpháirtíochta Spóirt a fhorbairt agus tacú leo. Iarratais ar rannpháirtíocht spóirt le haghaidh infheistíochta a anailísiú agus a riar.

Dualgais agus Freagrachtaí

Beidh na príomhdualgais agus na príomhfheagrachtaí a leanas ar an bhFeidhmeannach Rannpháirtíochta Spóirt:

- Caidreamh oibre láidir a fhorbairt leis an líonra Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil (LSP) agus le comhlachtaí maoinithe eile, ar gnéithe lárnacha iad den bhonneagar spóirt in Éirinn, agus tacú leis an gcaidreamh sin.
- Anailís agus riarachán infheistíochtaí rialtais i rannpháirtíocht spóirt a chur i bhfeidhm do LSPanna agus do chomhlachtaí maoinithe eile.
- Tionscadail agus tionscnaimh rannpháirtíochta spóirt a fhorbairt agus a chomhordú, de réir mar is gá, amháil Moil Spóirt Pobail, Cathracha Gníomhacha agus Dámhachtainí Ceannaireachta Spóirt.
- Tacaíochtaí cumarsáide agus margaíochta a fhorbairt don líonra LSP chun obair an LSP a chur chun cinn tuilleadh, idir go háitiúil agus go náisiúnta.
- Cuidiú le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail rannpháirtíochta spóirt, de réir mar is gá.
- An Mheastóireacht Fheidhmíochta ar chomhlachtaí a fhaigheann maoiniú ó Spórt Éireann a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a éiríonn ón bpróiseas meastóireachta.
- Cuidiú le bainistíocht bhuiséad an Aonaid, ag áirithiú go gcloítear le rialuithe airgeadais seanbhunaithe.
- Caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara éagsúla ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.
- Ionadaíocht a dhéanamh do Spórt Éireann ag imeachtaí agus cruinnithe, de réir mar is cuí (lena n-áirítear obair corruair atá lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus ag an deireadh seachtaine).
- Tuarascálacha tréimhsiúla agus cuir i láthair a scríobh ar ghníomhaíocht aonaid agus ar rannpháirtíocht spóirt in Éirinn, de réir mar is gá.
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar sna réimsí a leanas: Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Bainistíocht Riosca, Gnóthaí Dlíthiúla, Iniúchadh Inmheánach, Caighdeán i dtuairisceáin Oifige Poiblí agus Árachas agus réimsí eile seirbhísí corparáideacha nó rialachais de réir mar is gá.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus áireofar sa ról aon dualgais a theastaíonn ó Spórt Éireann ó am go ham, atá oiriúnach don phost agus do riachtanais na heagraíochta.

Scileanna Riachtanacha, Cáilíochtaí agus Taithí:

- Ní mór cáilíocht tríú leibhéal a bheith aige/aici.
- Ní mór 2 bhliain ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha roimhe seo a bheith aige/aici.
- Ní mór an cumas a bheith aige/aici oibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann agus as a stuaim féin.
- Ní mór scileanna léirithe agus cumarsáide scríofa den scoth a bheith aige/aici.
- Ní mór taithí a bheith aige/aici ar chaidrimh oibre láidre a thógáil agus cumarsáid a dhéanamh le daoine aonair ag gach leibhéal laistigh den eagraíocht agus le páirtithe leasmhara seachtracha.
- Ní mór scileanna Bainistíochta Tionscadal, Riaracháin agus Eagrúcháin den scoth a bheith aige/aici.
- Ní mór dó/di a bheith cumasach sa phleanáil oibríochta agus sa bhuiséadú.
- Ní mór dó/di a bheith an-éifeachtach, dírithe ar thorthaí agus in ann oibriú de réir spriocdhátaí dochta.
- Ní mór dó/di a bheith dírithe ar mhionsonraí.
- Ní mór dó/di a bheith cruthaitheach agus nuálach.
- Ní mór leibhéal ard inniúlachta a bheith aige/aici in MS Office (Word, Excel, Powerpoint, Outlook).

Scileanna Inmhianaithe, Cáilíochtaí agus Taithí:

- Taithí ag obair i dtimpeallacht ghnóthach oifige.
- Eolas ar an earnáil rannpháirtíochta spóirt in Éirinn.
- Taithí ar fhorbairt spóirt nó ar obair um fhorbairt phobail.
- Tuiscint ar na príomhchoincheapa atá mar bhonn agus taca leis an gclár oibre rannpháirtíochta spóirt.
- Eolas agus taithí ar na réimsí a leanas: na meáin, margaíocht, díolacháin, cumarsáid, caidreamh poiblí.
- An cumas smaoineamh go criticiúil chun peirspictíochtaí nua a thabhairt don fheidhm rannpháirtíochta.

Faisnéis Bhreise:

Conradh: Lánaimseartha, buan

Scála Tuarastail: Scála Caighdeánach OF. Déanfar an ceapachán ar an scála seo ag pointe atá ag teacht le Beartas Pá reatha an Rialtais. Tosaíonn iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe scála.

Suíomh: Spórt Éireann, Campas Náisiúnta Spóirt, Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

Is fostóir comhdheiseanna é Spórt Éireann.